

Coláiste Naomh Feichín

Polasaí Sláinte agus Sábhailteacht

Baineann an Polasaí seo leis an gColáiste, pobal an Choláiste, Raiteas Misiún an Choláiste agus Polasaithe thabhachtacha eile ar nós An Cód Iompair, Riachtanais Speisialta, Eachtra Chriticiúil, Mí-úsáid Ábhar, Cosaint Leanaí, Frith Bhulaíocht agus Polasaí Úsáid Inghlactha.

Foireann Bainistíochta Sláinte agus Sábhailteacht

- Príomhoide
- Príomhoide Tánaisteach
- Oifigeach Shábhaltacht
- Airíoch

Is féidir leis an bhfoireann Bainistíochta Sláinte agus Sábhailteacht an Choláiste baill eile a chomhthogha don fhoireann má bhíonn gá le breis cúnamh.

Cúis

- Chun timpeallacht agus ionad foghlamtha sábháilte a chur ar fáil.
- Chun cloí le riachtanais dleathach.
- Chun áird a thabhairt do chursaí sábhailteacht.
- Chun freagrachtaí agus dualgais ó thaobh sábhailteacht agus sláinte a chinntiú.

Aidhmeanna

- Chun cloí le Achtanna Sláinte agus Sábhailteacht.
- Chun timpeallacht sláintiúil agus sábháilte a chur ar fáil do scóláirí, foireann scoile agus do chuairoteoirí.

Clár

Raiteas Shábhaltacht: Tá treoir tugtha sa **Raiteas Shábhaltacht** chun na rudaí seo a leanas a chinntiú:

- Suíomh na mBealaigh Ealaithe
- Suíomh Pointe Tionóil
- Rochtanais chuig uimhreacha gutháin práinneacha
- Timpeallacht shláintiúil
- Lámhsáil sábháilte agus stóráil ceart de cheimicí.
- Trealamh sábhailteacht
- Feitheoireacht oiriúnach
- Druill dóiteán
- Seomraí praiticiúla

Polasáí Sláinte – Tá moltaí mar gheall ar na nithe seo a leanas sa bPolasáí Sláinte:

- Sláinte agus glaineacht phearsanta
- Lón folláin
- Leigheas
- Timpistí
- Fadhbanna sláinte ar leith
- Cáilíochtaí Céad Cabhrach
- Córas chun déileáil le fadhbanna sláinte seachtracha

Feidhmiú agus Measúnacht

- Go ndéanfaí notaí de chumais contúirtí agus go ndéanfaidh an fhoireann agus scóláirí tuairisciú orthu.
- Go ndéanfaimis ár ndícheall le go mbeidh meicníochtaí tuairisce ar fáil d'fhoireann an Choláiste sa chaoi gur féidir cumas contúirtí a leiriú, agus iad a chur i gceart.
- Tiocfaidh breis freagrachtaí ó thaobh sláinte agus sábháilteacht de faoi bhráid an Phríomhoide, an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteacht agus an tIonadaí Sábháilteacht.
- Go ndéanfaidh múinteoirí measúnú 'sna seomraí praiticiúla (Foirgneolaíocht, Eolaíochta agus Eacnamaíocht Bhaile) ó thaobh baoil de, go rialta chun timpistí a sheachaint.

Raiteas Shábháilteacht

Tá an Raiteas Shábháilteacht seo mar chuid de Pholasaí an Bhord Bainistíochta agus foirne, sa chaoi go bhfuil timpeallacht shábháilte curtha ar fáil do chách.

Is í aidhm an Ráitéis seo ná chun cinntiú nach mbeadh aon chontúirt a chabhródh le heachtra tarlú ar nós tine, damáiste d'fhoirgnimh nó don timpeallacht, agus/nó gortaithe/tinnis curtha sa mbealach ar an bhfoireann, soláthraí seirbhísí seachtracha agus/nó Cigirí Sláinte agus Sábháilteacht. Déanfar athbhreithniú air go rialta agus déanfar é a leasú nuair is gá.

Tá comh-oibriú iomlán ón bhfoireann riachtannach chun an Polasaí a chur i bhfeidhm. Déanfar chuile iarracht, chomh fada agus is féidir, go gcloífead le chuile dhlí a bhfuil bainteach leis an bPolasaí seo iontu seo a leanas:

- Timpeallacht oibre shábháilte a bheith curtha ar fáil.
- Go ndéanfaidh airíoch an Choláiste chuile iarracht an timpeallacht a choinneáil slán shábháilte agus sláintiúil.
- Bealaigh iontrála agus scor shábháilte.
- Go mbainfead úsáid shábháilte as ceimiceáin sa gColáiste.
- Go mbeidh trealamh shábháilteacht pearsanta curtha ar fáil.
- Cothabháil rialta ar threalamh shábháilteacht agus cosanta.
- Druil dóiteáin a eagrú anois is aríst.
- Nach bhfágfaí scóláirí gan feitheoir in áit a mbeadh seans contúirt sa gColáiste.

Mar atá leagtha amach san Acht Sláinte agus Sábháilteacht agus Oibre 1989, tá sé de dhualgas ar gach ball den fhoireann iad seo a leanas a chomhlíonadh:

- A s(h)láinte agus sláinte dhaoine eile a chosaint le linn a t(h)réimhse fostaíochta.
- Úsáid oiriúnach a bhaint as trealamh, ceimiceáin agus substaintí eile.
- Úsáid oiriúnach a bhaint as trealamh shábháilteacht pearsanta.

Beifear ag súil ó gach bhall den fhoireann:

- A c(h)uid dualgais a chomhlíonadh de réir nósanna shábháilte bunaithe san ionad oibre agus rialacha shábháilteachta ginearálta.
- Déanamh cinnte go bhfuil sé/sí faoi lán eolas ar chontúirtí a luíonn lena c(h)uid oibre.

Déanfar liosta de chumais contúirtí, chomh maith le céimeanna a thogáil chun iad a chur i gceart. Tuigtear dúinn nach féidir gach contúirt a leigheas, ach leigheasfar iad siúd ár féidir chomh luath agus is féidir. Déanfar liosta de na contúirtí nach féidir a leigheas agus tógfar céimeanna chun an baol a laghdú chomh tapaidh agus is féidir.

Gheobhfaidh gach ball den fhoireann cóip den Ráiteas seo agus síneofar é.

Sinithe: _____ Dáta: _____

Treoirlínte Sábhailteacht

Contúirtí Aitheanta:

Saotharlann Eolaíochta

Dóire Bunsen (soghluaiste)

Dóire Bunsen & Pláta Te

Ceimiceáin

Seomra Eacnamaíocht Bhaile.

Trealamh Leictreach

Seomra Teicneolaíochta

Trealamh Leictreach

Seomra Ríomhaireachta

Bearta Oiriúnacha:

In úsáid ag an múinteoir amháin i gcóir taispeántais.
Faoi ghlas nuair nach bhfuil in úsáid.

Úsáidte faoi mhaoirseacht an mhúinteora.

Tá ceimiceáin faoi ghlas i gcófraí spéisialta sa Seomra Ullmhúcháin. Bíonn an seomra faoi ghlas nuair nach mbíonn aon mhúinteoir ann. Tá boscaí céad cabhrach agus dóiteán ar fáil go háitiúil. Tá speaclaí sábháltacha agus súilfholcadh ar fáil sa saotharlann. Caithfear speaclaí sábháltacht a chaitheamh sa saotharlann in amanna ábhartha.

Tá treoracha sábháilteachta breise a bhaineann leis an Saotharlann Eolaíochta sa Saotharlann.

Trealamh leictreach múchta nuair nach bhfuil in úsáid. Ba chóir go mbeadh pluganna tógtha amach tar éis úsáid. Tá pluideanna tine agus boscaí céad cabhrach agus dóiteán ar fáil. Tá treoracha sábháilteachta breise atá ábhartha crochta ar bhallaí sa seomra.

Go bhfuil an trealamh leictreach ar fad múchta agus an seomra faoi ghlas nuair nach bhfuil an múinteoir i láthair. Tá cófraí le trealamh iontu faoi ghlas. Ní bhíonn trealamh adhmaidíreachta nó uirlísí in úsáid ach amháin nuair atá an múinteoir adhmaidíreachta i láthair. Tá Lasc Cumhachta sa seomra den trealamh leictreach ar fad agus múchtar é sula bhfágann an múinteoir an seomra. Tá boscaí céad cabhrach agus dóiteán ar fáil. Tá treoracha sábháilteachta breise crochta sa seomra.

Bíonn an Seomra faoi ghlas seachas nuair a bhíonn múinteoir i láthair, nó nuair a thugtar cead do scóláire/scoláirí an trealamh a úsáid.

Ní mór do scoláirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí glacadh le Polasaí Inghlactha Úsáide. Beidh úsáid na hIdirlíne faoi mhaoirseacht an mhúinteora. Múchfar na ríomháirí tar éis gach rang. Le linn saoire scoile múchfar na príomhlíonraí leictreachais.

Clós na Scoile

Ballaí

Níl sé ceadaithe ag scoláirí na ballaí teorann ná na ráillí a dhreapadh.

Staighrí

Níl sé de chead ag scoláirí an staighre a bhlocáil, a dhreapadh ná a bheith páirteach in aon chinéal pleidhchíochta mórthimpeall an staighre.

Díon na Choláiste

Níl sé de chead ag scoláirí dreapadh suas ar aon díon i gclós an Choláiste.

Trasnú an bhóthair

Tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí/caomhnóirí cead a thabhairt má tá a scoláire chun dul taobh amuigh de theorainn an Choláiste.

Contuirtí Ginearálta

Tine

Tá Córas Aláirim Dóiteáin atá ceangailte le Stáisiún Monatóireachta i mBaile Átha Cliath sa Choláiste. Tá múchtóirí dóiteáin ar fáil. Tá siad feiceáil agus tá sé éasca teacht orthu. Cuirtear treanáil ar fáil anois is arís le go mbeidh múinteoirí in ann iad a úsáid. Seiceáiltear an trealamh dóiteáin go bliantúil. Déantar druileanna dóiteáin anois is arís. Tá mapaí de bhealaigh éalaithe crochta i ngach seomra ranga le bealach éalaithe tine is gaire. Tá boscaí céad cabhrach ar fáil sna hoifigí, seomraí practiciúla agus sa seomra fóirne. Glaoítear rolla gach maidin agus crochtar liosta de na scoláirí a bhíonn as láthair, le go mbeidh fios cé atá as láthair nuair is gá.

Gortaithe agus Tinneas

Déantar athstocáil ar bhoscaí céad cabhrach go rialta. Tugtar soláthar céad cabhrach ar thurais lasmuigh den scoil. Tá sé mar pholasaí ag an scoil gan aon chógas leighis d'aon chinéal a thabhairt do scoláirí gan cead tuismitheora. Níl sé de chéad ag aon scoláire aon chinéal cogais leigis a thabhairt leo ar scoil, gan cead ó

tuismitheoir/chaomhnóir agus an Coláiste a bheith curtha ar an eolas faoi. Déanfar teagmháil le tuismitheoir/caomhnóir má bhíonn scoláire tinn nó má gortaítear scoláire. Murar féidir teagmháil a dhéanamh le tuismitheoir/caomhnóir, déanfaidh ball den fhoireann socrú éigin atá feiliúnach chun cinntiú go bhfuil tús áite tógtha do shláinte agus sábháilteacht an scoláire. Glaófar ar Dhochtúr, nó Otharcharr, más gá.

Polasaí Sláinte

- Múintear glaineacht phearsanta mar chuid den churaclam.
- Tugtar spreagadh do scoláirí chun meas a bheith acu orthu féin agus ar dhaoine eile.
- Tugtar spreagadh do scoláirí timpeallacht an Choláiste a choinneáil sláintiúil, fáil réidh le bruscar agus beatha a luíonn le treoirlínte na Scoileanna Glasa, agus chun na seomraí ranga agus leithris a choinneáil glan.
- Tugtar spreagadh do scoláirí bia folláin a ithe, sé sin bricfeasta folláin laethúil agus lón sláintiúil.
- Ba chóir go mbeadh an Príomhoide curtha ar an eolas má tá scoláire ar chógas leighis.
- Níl sé de chead ag múinteoirí, seachas an Príomhoide, cogas leighis a thabhairt d'aon scóláire.
- Cuirtear ar an eolas aon tuismitheoir/caomhnóir má ghortaítear scóláire má bhíonn sé/ sí tinn. I gcás práinneach ina dteastaíonn cóir leighis, muna féidir teagmháil le tuismitheoir/caomhnóir, déanfar socrú atá feiliúnach chun cinntiú go bhfuil tús áite tugtha do shláinte agus sábháilteacht an scóláire. Glaoífead ar Dhochtúr nó Otharcharr, más gá. Iarrfar ar an scóláire tuairisc a scríobh faoin eachtra/timpist. Muna bhfuil an scóláire atá gortaithe in ann an tuairisc a scríobh, caithfidh an múinteoir a bhí i láthair na timpiste, tuairisc a scríobh chomh luath agus is féidir agus liosta d'fhínnithe a bhí i láthair a dhéanamh amach.
- Tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí/caomhnóirí eolas faoi chúrsaí nó fadhbanna sláinte an scóláirí a líonadh isteach ar an bhFoirm Chlárúcháin nuair atá an scóláirí á chlárú acu. Cuirfead foireann an Choláiste ar an eolas faoi churamaí leighis a bhíonn ag scóláire, m.sh. diaibéiteas, titeamas, srl.
- Ba chóir go mbeadh údarás agus foireann an Choláiste ar an eolas faoi aon saghais ailléirgí atá ag scóláirí.
- Moltar gur chóir go ndéanfadh ar a laghad duine nó beirt múinteoir freastal ar chúrsa céad cabhrach go rialta.
- Cuirtear traenáil tine ar fáil don fhoireann ó am go chéile.

Sínte: _____
Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Dáta: _____